



2026/1151

29.5.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/1151 ÓN gCOIMISIÚN

an 28 Bealtaine 2026

maidir le húdarú ionóisiótóil mar bhreiseán beathaithe a athnuachan le haghaidh bia-éisc eite, éisc eite ornáideacha, bia-chrústach agus crústaigh ornáideacha agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1249/2014

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin a bhfuiltear lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 foráiltear maidir le húdarú breiseán a bhfuiltear lena n-úsáid i gcothú ainmhithe agus maidir leis na forais agus na nósanna imeachta chun údarú den sórt sin a dheonú agus a athnuachan.
- (2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1249/2014 ón gCoimisiún ⁽²⁾, údaraíodh ionóisiótól ar feadh tréimhse 10 mbliana mar bhreiseán beathaithe le haghaidh iasc agus crústach.
- (3) I gcomhréir le hAirteagal 14(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, cuireadh iarratas isteach chun údarú ionóisiótóil mar bhreiseán beathaithe a athnuachan le haghaidh bia-éisc eite, éisc eite ornáideacha, bia-chrústach agus crústaigh ornáideacha a athnuachan, inar iarradh go n-aicmeofaí an breiseán i gcatagóir na mbreiseán 'breiseáin chothaitheacha' agus san fheidhmghrúpa 'vitimíní, próivitimíní agus substaintí atá mionsainithe ó thaobh ceimiceán de, a bhfuil éifeacht chomhchosúil acu'. Bhí na sonraí agus na doiciméid a cheanglaítear faoi Airteagal 14(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ag gabháil leis an iarratas sin.
- (4) Tháinig an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') ar an gconclúid sa tuairim uaidh an 16 Meán Fómhair 2025 ⁽³⁾ gur sholáthair an t-iarratasóir fianaise go bhfuil ionóisiótól fós sábháilte do bhia-éisc eite, d'éisc eite ornáideacha, do bhia-chrústaigh agus do chrústaigh ornáideacha agus do thomhaltóirí agus don chomhshaol faoi na coinníollacha úsáide a údaraítear faoi láthair. Luaigh an tÚdarás freisin nach greannaitheoir craicinn ná súl é ionóisiótól agus nach iógróir deirmeach é. Luaigh an tÚdarás nach n-áirítear san iarratas ar athnuachan an údaraithe togra maidir le coinníollacha an údaraithe bunaidh a leasú ná a fhorlíonadh, ar togra é a mbeadh tionchar aige ar éifeachtúlacht an bhreiseáin. Dá bhrí sin, tháinig sé ar an gconclúid freisin nach gá measúnú a dhéanamh ar éifeachtúlacht an bhreiseáin i gcomhthéacs na hathnuachana ar an údarú. Mheas an tÚdarás nach bhfuil gá le ceanglais shonracha maidir le faireachán iarmhargaidh.
- (5) Maidir leis na conclúidí agus na moltaí ar ar thángthas le linn an mheasúnaithe a rinneadh i ndáil leis an modh a úsáidtear chun anailís a dhéanamh ar ionóisiótól mar bhreiseán beathaithe i gcomhthéacs an údaraithe roimhe seo, ba é meas na Saotharlainne Tagartha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 go bhfuil na conclúidí agus na moltaí sin bailí agus infheidhme maidir leis an iarratas atá ann faoi láthair. I gcomhréir le hAirteagal 5(4), pointe (c), de Rialachán (CE) Uimh. 378/2005 ón gCoimisiún ⁽⁴⁾, níl gá le tuarascáil mheastóireachta ón tSaotharlann Tagartha dá bhrí sin.

⁽¹⁾ IO L 268, 18.10.2003, lch. 29, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2003/1831/oj>.

⁽²⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 1249/2014 ón gCoimisiún an 21 Samhain 2014 maidir le húdarú ionóisiótóil mar bhreiseán beathaithe le haghaidh iasc agus crústach (IO L 335, 22.11.2014, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2014/1249/oj).

⁽³⁾ EFSA Journal [Iris EFSA] 2025;23:e9701, <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2025.9701>.

⁽⁴⁾ Rialachán (CE) Uimh. 378/2005 ón gCoimisiún an 4 Márta 2005 maidir le rialacha mionsonraithe chun Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur chun feidhme a mhéid a bhaineann le dualgaí agus cúraimí Shaotharlann Tagartha an Chomhphobail maidir le hiarratais ar údaruithe breiseán beathaithe (IO L 59, 5.3.2005, lch. 8, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2005/378/oj>).

- (6) I bhfianaise an mhéid thuas, measann an Coimisiún go gcomhlíonann ionóisíotól na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003. Dá réir sin, ba cheart údarú an bhreiseáin sin a athnuachan.
- (7) Mar thoradh ar athnuachan ionóisíotóil mar bhreiseán beathaithe, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1249/2014 a aisghairm.
- (8) Ós rud é gur modhnaíodh coinníollacha lipéadaithe áirithe a bhaineann leis na dálaí stórála agus leis an gcobhsaíocht agus, ina theannta sin, an tagairt do speicis áirithe ainmhithe, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le hidirthréimhse do na páirtithe leasmhara chun iad féin a ullmhú chun na ceanglais nua a eascraíonn as athnuachan an údaráithe a chomhlíonadh.
- (9) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuainchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Athnuachan an údaráithe

Údarú na substainte a shonraítear san Iarscríbhinn, agus a bhaineann leis an gcatagóir breiseán 'breiseáin chothaitheacha' agus leis an bhfeidhmghrúpa 'vitimíní, próivitimíní agus substaintí atá dea-shainithe ó thaobh ceimiceán de, a bhfuil éifeacht chomhchosúil acu', athnuaitear é faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

Airteagal 2

Aisghairm

Aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1249/2014.

Airteagal 3

Bearta idirthréimhseacha

1. An breiseán beathaithe ionóisíotól, mar a údaráitear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1249/2014, agus réamh-mheascáin a bhfuil an breiseán sin iontu atá beartaithe lena n-úsáid le haghaidh iasc agus crústaigh, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 18 Nollaig 2026 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 18 Meitheamh 2026, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic lena mbaineann ídithe.
2. Beatha chumaisc agus ábhair bheatha a bhfuil an breiseán beathaithe dá dtagraítear i mír 1 iontu, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 18 Meitheamh 2027 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 18 Meitheamh 2026, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic lena mbaineann ídithe i gcás ina mbeidh sé beartaithe iad a úsáid le haghaidh bia-ainmhithe.
3. Beatha chumaisc agus ábhair bheatha a bhfuil an breiseán beathaithe dá dtagraítear i mír 1 iontu, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 18 Meitheamh 2028 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 18 Meitheamh 2026, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic lena mbaineann ídithe i gcás ina mbeidh sé beartaithe iad a úsáid le haghaidh ainmhithe nach bia-ainmhithe iad.

*Airteagal 4***Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Bealtaine 2026.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Ainm an bhreiseáin	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
					mg de shubstaint ghníomhach/ kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir: breiseáin chothaitheacha. Feidhmghrúpa: vitimíní, próivitimíní agus substaintí atá dea-shainithe ó thaobh ceimiceán de, a bhfuil éifeacht chomhchosúil acu								
3a900	Ionóisíotól	<i>Comhdhéanamh an bhreiseáin</i> Ionóisíotól Foirm sholadach <i>Saintréithriú na substainte gníomhaí</i> Ionóisíotól Foirmle cheimiceach: C ₆ H ₁₂ O ₆ Uimh. CAS: 87-89-8 Ionóisíotól arna tháirgeadh trí shintéis cheimiceach. Critéir íonachta: íoschion 97 %. Foirm sholadach <i>Modh anailíse ⁽¹⁾</i> Maidir le hionóisíotól sa bhreiseán beathaithe a shainaithint: Crómatagrafaíocht leachta agus speictreafótaiméadracht ionsúcháin infridheirg – Monagraf in Pharmacopoeia Eorpach 1805. Maidir le hionóisíotól a cainníochtú sa bhreiseán beathaithe, sna réamh-mheascáin agus sa bheatha chumaisc: anailís ar ghníomhaíocht mhicribhitheolaíoch	Bia-éisc eite Éisc eite ornáideacha Bia-chrústaigh Crústaigh ornáideacha	—	—	—	1. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, sonrófar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa.	an 18 Meitheamh 2036

⁽¹⁾ Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ar shuíomh na Saotharlainne Tagartha ag an seoladh seo a leanas: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_ga.